



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Ráiteas Beartais Náisiúnta An Bhitheacnamaíocht



Feabhra 2018

Réamhrá an Taoisigh

CUID 1 - RÁITEAS FAOI BHEARTAS AN RIALTAIS

MAIDIR LEIS AN mBITHEACNAMAÍOCHT Page 4

1. An Bhitheacnamaíocht Page 4

- 1.1 An Chuspóir le Ráiteas Beartais Page 4
- 1.2 Cora Nua ar Leibhéal an Aontais Eorpaigh Page 5
- 1.3 Buntáistí Comparáideacha na hÉireann Page 8

2. Gealltanais an Rialtais Page 9

- 2.1 Maith a dhéanamh dár ngealltanais Page 9
- 2.2 Anailís agus Comhairliúchán Page 10

3. Creat Beartais maidir le Bitheacnamaíocht a Fhorbairt Page 11

- 3.1 Aisling maidir le Bitheacnamaíocht den Rath Page 11
- 3.2 Na prionsabail atá mar bhuntaca faoin
mBithgheilleagar Page 12
- 3.3 Aidhmeanna Straitéiseacha Bheartas an Rialtais i leith
na Bitheacnamaíochta Page 13

CUID 2 - CREAT FORFHEIDHMIÚCHÁIN Page 14

4. An bonneagar riachtanach a chur i bhfeidhm Page 14

- 4.1 Tacú le creat beartais, é a fhorbairt agus a éascú Page 14
- 4.2 Príomhghníomhartha Page 16
- 4.3 Conclúid Page 18

CUID 3 - FOSCRÍBHINNÍ Page 20

5. Léarscáil den Phróiseas Bithgheilleagair Page 20

6. Idir-Rannach - Liosta Ballraíochta Page 21

Réamhrá an Taoisigh



Fágann an aird ar an athrú aeráide a bheith ina ceist thromchúiseach ar leibhéal an domhain agus ar an leibhéal logánta go bhfuil múnla nua eacnamaíochta ag teacht chun cinn atá dírithe ar dhá phríomhréimse: éadroime ó thaobh carbóin agus éifeachtúlacht maidir le hacmhainní. Ní mór Éire a thabhairt níos faide chun cinn ná comhlíonadh simplí ar spriocanna agus béim shimplí ar mhaolú carbóin go dtí go mbíonn slánchuid de mhúnla eacnamaíochta na tíre á dhéanamh den fhorbairt eacnamaíochta inmharthanach agus sinn ag athrú go dtí córas eacnamaíochta atá éadrom ó thaobh carbóin.

Tá brath níos lú ar acmhainní atá bunaithe ar bhreosla iontaisí agus cur leis an úsáid sa ábhar bitheolaíochta inathnuaite ar cheann de na bealaí is suntasaí inar féidir an t-athrú seo a thabhairt i gcrích, agus is réimse sin ina bhfuil buntáistí comparáideacha den tábhacht ag Éirinn. Ní raibh aon leisce ar an lucht tionsclaíochta an deis a thabhairt faoi deara a bhainfeadh le hábhair áirithe agus le táirgí luachmhara a dhéanamh as na sruthanna 'dramhaíola' agus na fotháirgí a ghabhann leo. Sin é bun agus barr na bitheacnamaíochta.

Tagann feirmeoireacht agus gnólachtaí talmhaíochta agus bia, tionscal na mara, foraoiseacht, bainistíocht dramhaíola, soláthraithe fuinnimh, agus táirgí cógaisíochta agus bith-theicneolaíochta faoi scáth na bitheacnamaíochta. Tá borradh faoi chomhlachtaí i ngach ceann de na hearnálacha sin in Éirinn faoi láthair ach is mó go mór is féidir a dhéanamh chun an fiúntas ionchais ó thaobh tráchtála agus an tairbhe ó thaobh na timpeallachta a ghabhann leis an mbitheacnamaíocht a thabhairt i gcrích. Cuideoidh sin a dhéanamh freisin leis an earnáil talmhaíochta agus bia agus le hearnáil na mara dul i ngleic leis an éiginnteacht a bhaineann leis an mBreatimeacht trí leathnú ar an réimse táirgí.

Dírítear aird leis an gCreat Náisiúnta Pleanála freisin ar an deis a bhainfeadh leis an mbitheacnamaíocht ó thaobh úsáid níos éifeachtúla as acmhainní a chur chun tosaigh an tráth céanna a gcuirtear bonn treise faoi fhorbairt eacnamaíochta agus faoi fhostaíocht i gceantair tuaithe na hÉireann.

Tá an tábhacht atá leis an mbitheacnamaíocht deimhnithe ag an Rialtas chomh maith leis an aisling a chuirtear romhainn go mbeadh Éire ar cheann de thíortha ceannródaíochta an domhain i leith an réimse seo trí chur chuige comhordaithe lena mbaintear leas breise as acmhainní nádúrtha agus buntáiste iomaíochta na hÉireann. Rinne an Rialtas le gairid cistí suntasacha a chur i leith lárionad taighde agus acmhainní bithscaglainne a thabhairt chun cinn mar bhonn treise faoinár gcuid ardaidhmeanna maidir leis an mbitheacnamaíocht.

Is céim eile chun cinn an Ráiteas Beartais Náisiúnta seo maidir leis an sprioc a chuirimid romhainn an bhitheacnamaíocht a fhorbairt. Rinne Roinn an Taoisigh an ráiteas beartais a ullmhú tar éis tabhairt faoi chomhairliúchán forleitheadach. Leagtar amach ann na hábhair mhóra dúshláin a bhaineann le leathnú ar an mbitheacnamaíocht. Áirítear orthu sin comhleanúnachas níos mó a spreagadh idir earnálacha iomadúla na bitheacnamaíochta; treisiú leis an bhforbairt ar tháirgí bithbhunaithe a mbeadh gealladh maith fúthu agus an margadh ina leith a chothú; agus an chistíocht atá ar fáil ar leibhéal an AE a thapú chomh maith le gearáil a dhéanamh maidir le hinfheistíocht phríobháideach.

Is trí chomhoibriú agus obair i gcomhar idir an tseirbhís phoiblí, lucht tionsclaíochta agus forais taighde amháin is féidir dul chun cinn maidir leis na nithe seo a chur chun cinn. Tá sainordú tugtha ag an Rialtas do ghrúpa forfheidhmiúcháin, a bhfuil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag déanamh cathaoirleacht i gcomhar air, roinnt mórbearta a chur chun cinn, ag obair go dlúth le tionscail na bitheacnamaíochta agus le páirtnéirí eile agus tuairisc a thabhairt don Rialtas ina leith sin taobh istigh d'aon bhliain amháin.



Leo Varadkar TD,

An Taoiseach

CUID 1 - RÁITEAS FAOI BHEARTAS AN RIALTAIS MAIDIR LEIS AN mBITHEACNAMAÍOCHT

1. An Bhitheacnamaíocht

1.1 An Chuspóir le Ráiteas Beartais

Tá an tábhacht atá leis an mbitheacnamaíocht, maidir le cuidiú leis an athrú go dtí córas eacnamaíochta agus sochaí atá éadrom ó thaobh carbóin, bithbhunaithe agus ciorclach, á thabhairt faoi deara i gcuid mhaith tíortha. Tuigtear chomh maith gur féidir leis an mbitheacnamaíocht a bheith ina chabhair i ndáil le hábhar dúshláin maidir le forbairt réigiúnach agus forás fostaíochta a shárú mar gheall ar mhúnlaí nua gnó a thabhairt isteach i limistéir faoin tuath agus le cósta; brostú le cinnteacht fuinnimh trí chur leis an soláthar ó fhoinsí glan fuinnimh intíre; an caipiteal nádúrtha a chothabháil agus a fhorfheabhsú agus an timpeallacht a chosaint; teicneolaíocht cheimice agus fhisice a chur i bhfeidhm chun táirgí breisluacha atá bunaithe ar an mbitheolaíocht a sholáthar; agus céim chun tosaigh a thabhairt ó thaobh cúrsaí táirgiúlachta maidir le barra, ainmhithe agus miocróbanna trí ghnéithe den bhith-theicneolaíocht a chur i bhfeidhm.

D'fhágfadh leathnú ar scóip na bitheacnamaíochta gur lú a bheifí ag brath ar bhreoslaí de chineálacha iontaise agus ar acmhainní atá trom ó thaobh carbóin de agus go gcuirfí borradh faoin úsáid a bhainimid as acmhainní bitheolaíochta inathnuaite. Tá úsáid a bhaint as na hacmhainní inathnuaite seo agus as na sruthanna dramhaíola a ghabhann leo lárnach maidir le córas den chineál a luaitear bitheacnamaíocht leis.

Leagtar béim faoi chóras bitheacnamaíochta ar an tábhacht atá le leas a bhaint as liosta d'acmhainní bitheolaíochta inathnuaite a bhfuil fad á chur leis i gcónaí agus i roinnt cásanna, le leas táirgiúlachta a bhaint anois as ábhar a ndéantaí a dhiúscairt roimhe seo mar iarmhairt nó mar dhramhábhar. Tá feidhm leis ar fud na n-earnálacha - feirmeoireacht agus gnólachtaí talmhaíochta agus bia, tionscail mhara agus farraige, foraoiseacht, táirgeadh nuálach

próitéine, bainistíocht uisce agus dramhaíola, soláthar fuinnimh, agus táirgí bithchógaisíochta. Tá cuid mhór ceannródaithe ag obair sna hearnálacha sin go léir in Éirinn a bhfuil gealladh maith fúthu.

Sampla fíormhaith dar féidir a bhaint amach sa bhitheacnamaíocht is ea chomh maith agus a d'éirigh le *Glanbia* claochlú a chur ar phróitéin meidhg, táirge foshruitha de chuid thionscal na déiríochta ar beag luach a bhí leis roimhe seo, a bhfuil fíorthábhacht anois leis mar chomhábhar ar mhargadh an domhain maidir le cothú an duine.

Tá deiseanna breise ar fáil ag Éirinn i réimse na bitheacnamaíochta chun forás eacnamaíochta, fostaíocht agus sochaí inmharthanach a chruthú trí leas a bhaint as an gcumas beartais, tionsclaíochta, taighde agus nuálaíochta maidir le bainistíocht ar an gcaipiteal nádúrtha, talmhaíocht, foraoiseacht, saothrú mara, próiseáil bhithbhunaithe, bith-theicneolaíocht agus cógaisíocht.

Ainneoin a fheabhas a d'éirigh cheana féin le daoine agus gnólachtaí áirithe taobh istigh de na hearnálacha sin, is léir go bhfuil tairbhe ionchais ag baint leis an mbitheacnamaíocht in Éirinn nár thángthas i dtír go fóill air.

Is é cuspóir atá leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta seo faoin mBitheacnamaíocht go dtabharfaí an leas ionchais sin i gcrích. Cuirtear chuige sin trí chuntas níos cuimsithí a thabhairt ar bhealaí ina dtabharfaí forbairt straitéiseach na bitheacnamaíochta chun cinn le comhleanúnachas níos dlúithe ó thaobh an bheartais ar fud na n-earnálacha go léir lena mbaineann agus trí dhul i ngleic le hábhar bunúsach dúshlán atá roimh dhea-thoradh ó thaobh cúrsaí tráchtála agus forbairt shóisialta.

Tá comhairliúchán déanta go fada fairsing ag an Rialtas i measc eagraíochtaí taobh istigh den chóras poiblí agus le páirtithe leasmhara atá ag saothrú go géarchúiseach i gcúrsaí bitheacnamaíochta in Éirinn, chomh maith leis na cora nua san Aontas Eorpach agus níos faide ó bhaile a thabhairt chun suntais. Tríd an lón léargais ó na foinsí sin go léir a thiomsú, leagtar aisling, prionsabail choitianta agus aidhmeanna straitéiseacha amach sa Ráiteas Beartais Náisiúnta seo i ndáil leis an bhforbairt a thabharfar ar an gcóras bitheacnamaíochta san am atá romhainn. Tugtar chun aire an chaoi inar chuir an rialtas cistí poiblí ar fáil chun na gnéithe riachtanacha bonneagair is gá maidir le forás bitheacnamaíochta a chur ar bun ach

tá ábhar dúshláin romhainn go fóill i ndáil le comhleanúnachas níos dlúithe a chothú maidir le cúrsaí beartais ar fud na réimsí ar fad a ghoilleann ar chúrsaí bitheacnamaíochta; réimeas rialála cuí a thabhairt chun cinn maidir le cúrsaí bitheacnamaíochta a bheadh ina spreagadh maidir le hinfheistíocht phríobháideach; agus éileamh ar tháirgí bitheacnamaíochta a chothú ar an margadh. Leagtar síos sa Ráiteas creat forfheidhmiúcháin trínar féidir dul chun cinn a dhéanamh in ndáil leis na ceisteanna sin.

1.2 Cora Nua ar Leibhéal an Aontais Eorpaigh

Tá tuiscint níos fearr arís agus arís eile go hidirnáisiúnta agus in Éirinn ar an tábhacht atá leis an mbitheacnamaíocht. D'fhoilsigh an tAontas Eorpach [straitéis bitheacnamaíochta](#) sa bhliain 2012 ina n-áirítear ar na haidhmeanna príomhthábhachta cuidiú le dul i oiriúint maidir leis an athrú aeráide agus postanna a chruthú. Meastar go bhféadfadh an maoiniú díreach ar obair thaighde a bhaineann leis an straitéis faoi [Horizon 2020](#) cuidiú le 130,000 post breise agus €45 billiún de luach breise a chruthú faoin mbliain 2025. Tá an straitéis leagtha amach thart ar thrí cinn de cholúin: infheistíocht i gcúrsaí taighde, nuála agus scileanna; forfheabhsú ar mhargaí agus ar an acmhainn iomaíochta; agus treisiú le comhordú i ndáil le cúrsaí polasaí agus leis an gcaidreamh le geallsealbhóirí.

Tá dhá chláir cistí taighde agus nuálaíochta de chuid an AE ar a dtugtar Horizon 2020 SC-2 (*Societal Challenge 2*) agus BBI JU ([Bio-based Industries Joint Undertaking](#)) curtha mar bhonn treise faoi straitéis bitheacnamaíochta an AE. Páirtnéireacht phoiblí phríobháideach dar luach €3.7 billiún atá sa dara ceann acu sin atá dírithe ar tháirgí de chuid an ghnáthshaoil atá níos éadroime ó thaobh cúrsaí timpeallachta, a dhéanamh as acmhainní bitheolaíochta, ar a n-áirítear acmhainní talún agus acmhainní mara chomh maith le hiarmhairtí agus fuíollábhar trí theicneolaíocht nuálaíochta agus bithscaglanna a fhorbairt, baol a ghabhfadh leo a mhaolú agus brostú lena gcur ar mhórsála. Tá leagtha amach go mbeadh an BBI JU a chur ar bun ina chomhartha soiléir polaitíochta ag lucht tionsclaíochta trí chreat cistíochta seasmhach fadtéarmach a chur ar fáil a fhágann gur féidir pleanáil straitéiseach a dhéanamh. Tá bunghá leis an seasmhacht sin maidir le leas breise a bhaint as infheistíocht ón earnáil phríobháideach, go háirithe maidir le bearta léiriúcháin agus le cur i bhfeidhm ar scála ollmhór.

[Rinneadh athbhreithniú ar Straitéis](#) an AE i mí na Samhna 2017 agus tugadh chun suntais gur éirigh leis maidir le cistíocht a chur ar fáil ar mhaithe le bearta taighde agus nuálaíochta ach go raibh gá le hinfheistíocht bhreise i ndáil le méadú scála agus le táirgí nua agus cineálacha nua teicneolaíochta a chur ar fáil go coitianta. Tá gá, dá réir sin arís, le timpeallacht rialála níos seasmhaí, ionas go maolaítear an éiginnteacht a ghabhann le cistí infheistíochta.

Tugadh chun aire freisin leis an athbhreithniú go bhfuil gá le comhleanúnachas polasaithe agus le tuiscint níos fearr ar chúrsaí sineirgíochta mar gheall ar an mbaint atá ag ceisteanna bitheacnamaíochta le réimsí éagsúla beartais, mar shampla an tionchar atá ag úsáid níos mó as bithmhais ar chúrsaí uisce, ithreach, seirbhísí eiceachórais agus bithéagsúlachta.

Threisigh painéal geallsealbhóirí Bitheacnamaíochta an AE, grúpa ar a bhfuil ionadaithe ag lucht tionsclaíochta, riaracháin poiblí, taighde agus ag an tsochaí shibhialta, le roinnt de na pointí sin nuair a éilíodh creat seasmhach dlí, a mhaolódh an éiginnteacht maidir le cúrsaí rialála, agus comhoibriú níos mó idir na hearnálacha agus na gníomhairí ar fud na slabhraí luacha a bhaineann leis an mbitheacnamaíocht.

Sheol an Coimisiún Ardán Infheistíochta maidir leis an [mBitheacnamaíocht Chiorclach](#) freisin i mí na Samhna 2017 faoi scáth chlár infheistíochta Horizon 2020 SC-2. An Banc Eorpach Infheistíochta a dhéanfaidh bainistíocht ar an ardán infheistíochta seo. Tá beartaithe go ndéanfar gearáil leis an gciste poiblí €100 milliún seo ar chaipiteal príobháideach d'fhonn maoiniú a dhéanamh maidir le deimhniú teicneolaíochta, méadú scála agus forbairt ar bhithscaglanna tionsclaíochta.

Tugadh le tuiscint sa cháipéis cumarsáide faoin gComhbheartas Talmhaíochta i mí na Samhna 2017 maidir le [Bia agus Feirmeoireacht san Am atá Romhainn](#) gur chóir an tairbhe a d'fhéadfadh a theacht ón mbitheacnamaíocht agus ón eacnamaíocht chiorclach a mheas mar mhodh trína dtabharfaí faoi cheisteanna inmharthanachta i gceantair tuaithe le slabhraí luacha inbhuanaithe agus múnlaí gnó a chur ar bun faoin tuath óna bhféadfadh deiseanna foráis agus fostaíochta a theacht.

1.3 Buntáistí Comparáideacha na hÉireann

Tá buntáistí comparáideacha áirithe ag Éirinn i ndáil le cúrsaí bitheacnamaíochta agus tá rún daingean ag an Rialtas leas a bhaint astu sin. Is féidir cuid mhór den bhuntáiste atá ag Éirinn i réimse na bitheacnamaíochta a cheapadh leis an gcaipiteal nádúrtha agus leis an séasúr fáis atá fada go maith mar gheall ar an aeráid mheasartha agus ar ithreacha méithe, agus a d'fhágadh go bhféadfaí fás a dhéanamh suas le 10 mí den bhliain. Chomh maith leis an timpeallacht chóiriúil, tá cuid mhór sócmhainní tábhachtacha eile in Éirinn a oireann don bhitheacnamaíocht.

Tá réimse suntasach de thalamh na hÉireann á shaothrú le tuairim is 2/3 den talamh, ar isteach is amach le 140,000 feirm, á úsáid le haghaidh talmhaíochta. Tá tionscal na talmhaíochta agus an bhia ar an ngnó dúchais is mó sa tír agus 5.7% den Olltáirge Intíre (OTI) i gceist leis. Tá tuairim is 10.7% den tír faoi fhoraoisí óna mbaintear 3.2 milliún méadar ciúbach d'ábhar in aghaidh na bliana le hardú go dtí 8 milliún méadar ciúbach faoin mbliain 2025 á thuar. Tá réimse grinnill na hÉireann ar cheann de na réimsí is fairsinge san Eoraip le hachar atá deich n-oiread achar talún na tíre. Is umar ollmhór d'ábhar géiniteach seo a bhfuil i ndán go bhféadfaí a shaothrú maidir le táirgí nádúrtha. Bhain láimhdeachas €5.7 billiún le heacnamaíocht mara na hÉireann sa bhliain 2016. Bhí luach díreach eacnamaíochta €1.8 billiún i gceist, nó tuairim is 0.9% den OTI.

Tá borradh mór curtha faoi earnáil na bithchógaisíochta freisin in Éirinn agus áit sa tír ag 24 den 25 comhlacht bithchógaisíochta is mó ar domhan. Cuireann an earnáil luach €39bn d'ábhar easpórtála ar fáil. Tá i ndán go bhféadfaí earnáil na bithchógaisíochta agus gníomhairí reatha i réimse na bitheacnamaíochta a thabhairt níos fearr lena chéile ionas go mbeadh táirgí agus seirbhísí bithbhunaithe á gcur ar fáil ó fhoinsí bitheolaíochta inathnuaite maidir le húsáid ardluacha de chineálacha sonracha.

2. Gealltanais an Rialtais

2.1 Maith a dhéanamh dár ngealltanais

Glacann an Rialtas leis go bhfuil buntábhacht leis an mbitheacnamaíocht maidir le cúrsaí inmharthanachta agus maidir le borradh a chur faoi fhorbairt tuaithe agus faoi fhostaíocht. Leagtar béim sa [Phlean Gníomhaíochta maidir le Forbairt Tuaithe](#) (2017) ar an gcion tairbhe a d'eascródh ón mbitheacnamaíocht maidir le dícharbónúcháin, forás inmharthana agus cruthú fostaíochta in earnálacha na talmhaíochta, na tionsclaíochta agus na teicneolaíochta i gceantair tuaithe. Ó tá 80% d'earnáil na talmhaíochta agus an bhia in Éirinn lonnaithe faoin tuath, is léir an deis a bheadh ann borradh a chur faoi fhostaíocht sna réigiúin le cúrsaí bitheacnamaíochta.

Tugtar aird ar na deiseanna freisin sa [Phlean Gníomhaíochta maidir le Poist](#) faoina dtugtar gealltanais go ndéanfadh Roinn an Taoisigh, i gcomhairle leis na ranna earnála cuí, breithmheas ar an deis a bhainfeadh le forbairt straitéiseach ar bhitheacnamaíocht na hÉireann ar fud na n-earnálacha go léir agus ar na coinníollacha riachtanacha a thiocfadh i gceist. Cuireadh Grúpa idir-rannach ar bun, faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh, i mí na Samhna 2016 agus leagadh de chúram ar an ngrúpa sin ráiteas beartais náisiúnta ardleibhéil a chur ar fáil dírithe ar chomhleanúnachas breise a thabhairt i bhfeidhm ar fud an chórais. Tugadh faoi bheart scóipeála tosaigh le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí d'fhonn gníomhaíocht atá ar bun/a d'fhéadfadh a bheith ar bun i réimse na bitheacnamaíochta a thabhairt chun suntais. Ar an bhforbairt tuaithe, ar luachshocrú maidir le fuíollábhar mara agus dramhaíl talmhaíochta agus ar bhithfhuinneamh a chruthú as bithmhais/bithghás a bhí an phríomhbhéim. Go díreach ón Státchiste, ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a eascraíonn an chistíocht bhuntábhachtach chomh maith lena aimsiú chomh maith ó, [Horizon 2020](#) (H2020), Clár Cistíochta an AE maidir le Taighde agus Nuáil.

2.2 Anailís agus Comhairliúchán

D'fhoilligh Roinn an Taoisigh, i gcomhar le Teagasc, ceardlann comhairliúcháin maidir le deiseanna ionchais i ndáil le córas bitheacnamaíochta na hÉireann i mí Feabhra 2017. Tháinig geallsealbhóirí le chéile ag an gceardlann a raibh de chuspóir léi saineolaithe neamhspleácha seachtracha a fhostú chun bonn a chur faoi phlé ardleibhéil. D'fhreastail suas le 60 duine ó chúlraí éagsúla an cheardlann. Ar na pointí suntasacha a d'eascair ón gceardlann bhí an gá léargas i gcoitinne ar an mbitheacnamaíocht a thabhairt chun cinn; cur chuige an chomhair a chur chun cinn i measc na bpáirtithe leasmhara; agus moltaí a chur chun tosaigh maidir le bealaí ina bhféadfaí an bhitheacnamaíocht a fhorbairt i rith na mblianta atá romhainn.

Ar an ábhar léargais ón gceardlann a thabhairt san áireamh inti, chuir Roinn an Taoisigh [plécháipéis](#) ar fáil ina dhiaidh sin i ndáil le Ráiteas Beartais Náisiúnta faoin mBitheacnamaíocht a ullmhú agus tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí i leith an ábhair a chur faoi bhráid, rud a rinne aon pháirtí leasmhar déag agus dhá fhichid. Rinneadh anailís ar na haighneachtaí sin ar fad d'fhoilligh an tairbhe a bheadh astu maidir leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta críochnúil a mheas.

Bhí tábhacht ar dhá bhealach leis an gcomhairliúchán poiblí a dhéanamh. Ba chabhair é maidir le léargas níos leithne agus níos mine a chothú ar a mbeadh i gceist le hearnáil bitheacnamaíochta den rath agus díriodh aird ar roinnt de na constaicí agus de a hábhair dúshláin is mó a bheadh le sárú chun aisling den sórt sin a thabhairt i gcrích. Sonraíodh ceisteanna áirithe a bhí coitianta i gcuid mhaith aighneachtaí, an tábhacht le córas oiriúnach rialála agus monatóireachta a chur ar bun maidir leis an mbitheacnamaíocht san áireamh chomh maith leis an ngá atá le córas nuálaíochta cuí agus le bealaí chun éileamh ar na táirgí a spreagadh ar fud an mhargaidh. Tháinig an Ráiteas Beartais Náisiúnta seo faoi Chúrsaí Bitheacnamaíochta faoi anáil na dtuairimí agus na smaointe mórfhiúntais sin.

3. Creat Beartais maidir le Forbairt na Bitheacnamaíochta

3.1 Aisling maidir le Bitheacnamaíocht den Rath in Éirinn

Is é aisling an Rialtais maidir le cúrsaí bitheacnamaíochta cur, trí chur chuige comhordaithe lena dtugtar tairbhe acmhainní nádúrtha agus bhuntáiste iomaíochta na hÉireann i gcrích agus trína ndéantar saothrú iomlán ar na deiseanna atá ar fáil an tráth céanna a ndéantar monatóireacht agus a seachnaítear aon toradh nach bhfuil inmhianta, le hardaidhmeanna na hÉireann a bheith ar na ceanróidaithe ar fud an domhain maidir le cúrsaí bitheacnamaíochta. Ar na haidhmeanna tábhachtacha a ghabhann leis an mbitheacnamaíocht, tá Éire a thabhairt níos faide chun cinn ná comhlíonadh simplí ar spriocanna agus béim shimplí ar mhaolú carbóin go dtí go mbíonn slánchuid de mhúnla eacnamaíochta na tíre á dhéanamh den fhorbairt eacnamaíochta inmharthanach agus sinn ag athrú go dtí córas eacnamaíochta atá ciorclach agus éadrom ó thaobh carbóin.

Tá aird níos mó ar leibhéal na hEorpa ar an mbuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag eacnamaíocht agus ag sochaí as córas ciorclach eacnamaíochta a chleachtadh lena gcaomhnaítear fiúntas agus luach tháirgí, chomhábhair agus ábhair chomh fada agus is féidir sa chóras eacnamaíochta. Tá ceangal tréan idir an bhitheacnamaíocht agus an eacnamaíocht chiorclach agus is réimse í ina bhfuil roinnt buntáistí cinniúnacha ag Éirinn. Ba cheart go gcuirfí an timthriall ciorclach chun cinn leis an mbitheacnamaíocht mar gheall ar sheifteanna agus ar bhearta nuála lena dtarlaíonn athúsáid agus athchúrsáil ar ábhar, an éifeachtúlacht is fearr is féidir maidir le hacmhainní trí dhramhábhar dosheachanta a úsáid agus mar gheall ar aird ar inmharthanacht timpeallachta.

3.2 Na prionsabail atá mar bhuntaca faoin mBithgheilleagar

Seo a leanas na prionsabail treorach lena bhféachfar le beart comhordaithe a thabhairt i gcrích de réir na haislinge sin:

Inmharthanacht - Tá inmharthanacht na timpeallachta ar na bunphrionsabail atá de dhlúth agus d'inneach sa bithheacnamaíocht. Ba chóir go mbeadh féidearthacht timpeallachta agus sóisialta san áireamh le measúnacht féidearthacht. Níor chóir go mbeadh tionchar dochrach ar acmhainní bithéolaíochta ag an méid bithábhair a thugtar chun bealaigh; níor cheart go sárófaí an acmhainn athbhisigh atá sa timpeallacht féin; agus níor chóir go ndéanfaí aon díobháil bhuan don timpeallacht. Ba chóir dearcadh uilechuimsitheach ina leith seo, trína dtugtar an bhithmhais ar fad i gceist, an bhithmhais atá san ithir san áireamh. Níor cheart go mbeadh beartaíocht bithheacnamaíochta ina lagú ar bhuanseasmhacht ná ar bhithéagsúlacht eiceachórais.

Prionsabal an Easa - trína mbeadh tús áite ag feidhmeanna ardluacha (e.g. bia, ábhar agus ceimiceáin bhithbhunaithe) as acmhainní bithéolaíochta sula ndéanfaí a n-úsáid ar mhaithe le fuinneamh nó breosla, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an luach is mó is féidir a bhaint as na bithacmhainní.

Prionsabal an Réamhchúraim - cur chuige maidir leis an mbainistíocht ar chúrsaí baoil ionas go seachnaítear polasaithe nó bearta a bheith ina gcúis le díobháil don phobal nó don timpeallacht. Beidh nuáil i gcúrsaí bithheacnamaíochta ag brath ar an bprionsabal seo a chur i bhfeidhm go stuama agus ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar an eolas is deireanaí ó lucht eolaíochta agus ar chomhaontú.

Tús Áite ag Bia - prionsabal lena dtugtar tús áite do chinnteacht maidir le bia agus cothú trí fheabhas a chur ar sholáthar bia atá slán folláin a bheith ar fáil agus teacht ag an saoránach air.

3.3 Aidhmeanna Straitéiseacha Bheartas an Rialtais i leith na Bitheacnamaíochta

I ndáil le leathnú ar an mbitheacnamaíocht, tá aidhmeanna straitéiseacha éagsúla i gceist le beartas an Rialtais:

Eacnamaíocht agus sochaí inmharthanach – Is féidir bonn inmharthanachta níos treise a chur faoi chúrsaí eacnamaíochta in Éirinn trí leathnú ar ghnóthaí bitheacnamaíochta mar gheall go spreagfar éifeachtúlacht úsáide agus athúsáide as acmhainní agus as ábhar ar bhealach is tréine go mór ná mar a rinneadh go dtí seo.

Dícharbónú ar chúrsaí eacnamaíochta – is féidir maith a dhéanamh maidir le hastaíocht gháis cheaptha teasa a mhaolú leis an mbitheacnamaíocht trí ghnáis agus mhodhanna nua oibre a thabhairt chun cinn mar shampla a chuirfeadh feabhas ar an éifeachtúlacht a bhaineann le córais táirgíochta talmhaíochta agus foraoiseachta. Is féidir bithphróiseáil agus bithscagadh a úsáid chun táirgí bithbhunaithe a chur in áit tháirgí carbóin atá an-daingnithe ar an margadh, mar shampla coinchréad, cruach, plaisteach agus ceimiceáin, agus chun táirgí nua a chruthú.

Cúrsaí Fostaíochta agus Iomaíochta – is féidir fostaíochta chothú leis an mbitheacnamaíocht ó tharla gur in Éirinn a fhaightear cuid mhór de bunábhar na bitheacnamaíochta agus gur mó an tionchar a bheadh ag forbairt ar an réimse seo dá bharr sin ná mar a bheadh i gcás réimsí eile eacnamaíochta ar mó a bhítear ag brath ar bhunábhar thar tír isteach ina leith. Ina chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt chun aire go bhfuil cuid mhaith éiginnteachta roimh earnáil na talmhaíochta agus an bhia agus roimh earnáil na mara mar gheall ar cheisteanna Brexit, agus gur deis a bheadh i leathnú ar chúrsaí bitheacnamaíochta do na hearnálacha sin oiriúnú iléagsúlachta a dhéanamh agus an baol atá rompu a mhaolú.

Rachmhas Réigiúnach – ar cheann de na buntáistí atá leis an mbitheacnamaíocht, tá cuid mhór de na gnóthais atá ina bhun a bheith suite i gceantair tuaithe nó i gceantair le cósta. D'fhéadfadh cuidiú le forás na bitheacnamaíochta a bheith ina chabhair maidir le meath na tuaithe a mhaolú.

CUID 2 - CREAT FORFHEIDHMIÚCHÁIN

4. An bonneagar riachtanach a chur i bhfeidhm

4.1 Tacú le creat beartais, é a fhorbairt agus a éascú

Tá trí cholún ag baint le straitéis Bitheacnamaíochta an AE:



Infheistíocht i gcúrsaí taighde, nuálaíochta agus scileanna



Margaí agus acmhainn iomaíochta a fhorbairt



Comhordú breise maidir le cúrsaí beartais agus caidreamh leis na geallsealbhóirí

Comhartha suntasach le ríghairid ar dhúthracht an Rialtais i ndáil leis an réimse seo is ea an mhórchuid cistíochta trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Lárionad Taighde Bitheacnamaíochta a sheol an Taoiseach i mí Meán Fómhair 2017. Is é cuspóir atá leis an lárionad a thabhairt, mar gheall ar thaighde eolaíochta lena dtabharfar táirgí nua agus cineálacha nua teicneolaíochta chun cinn chomh maith leis an bhforbairt tuaithe a spreagadh, gur féidir athrú go dtí an bhitheacnamaíocht. Tá ciste €14.2 milliún curtha ar fáil ag an Rialtas trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do [Lárionad Taighde Bitheacnamaíochta](#) (Beacon) trína ndéanfar scrúdú ar mhodhanna chun acmhainní mara agus iarmhairt a chruthaítear le linn táirgeadh bia a iompú isteach ina dtáirgí breisluacha. Beidh sin ina chatalaíoch bunúsach maidir leis an bhforbairt ar an mbitheacnamaíocht in Éirinn.

Tá cúnamh airgid €4.6 milliún á chur ar fáil ag an Rialtas freisin trí Chiste Fhiontar Éireann maidir le Forbairt Eacnamaíochta Réigiúnach chun áis nuálaíochta agus phíolótach a chur ar bun sa Lisín, Co. Thiobraid Árann. Cuirfidh an áis sin ar chumas lucht tionscal, fiontraithe agus taighdeoirí scála níos mó a thabhairt i bhfeidhm maidir le teicneolaíocht lena ndéantar táirgí ardluacha as acmhainní nádúrtha de chuid na hÉireann (iarmhairtí san áireamh) le húsáid i réimse leathan earnálacha, mar shampla comhábhar bia, comhábhar cothúcháin, cógaisíocht, ceimiceáin nádúrtha, plaisteach in-bhithmhíllte agus eile.

Le roinnt blianta anuas, tá maoiniú déanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar thionscadail éagsúla taighde a bhaineann leis an mbitheacnamaíocht, a bhfuil meon an chomhair leo agus lucht léinn ina mbun. Áirítear orthu sin an tionscadal taighde Bio-Éire, a bhfuil Teagasc i mbun na ceannródaíochta air, atá dírithe ar shlabhraí luacha cónasctha trasearnálacha de chuid na bitheacnamaíochta a shonrú agus a chur in ord tábhachta.

Tugadh chun suntais leis an tionscadal [Bio-Éire](#) go raibh gá go gearrthéarmach/fadtéarmach díriú ar acmhainní talmhaíochta, mara agus foraoiseachta trí luach a shocrú i ndáil le sruthanna dramhaíola agus foshruithanna agus le hábhar bithbhunaithe, ceimiceáin bhithbhunaithe agus bithfhuinneamh a tháirgeadh. Sonraíodh go raibh gealladh suntasach go gearrthéarmach mar shlabhraí luacha roimh úsáid as foshruithanna déiríochta ar mhaithe le táirgí nua bia agus úsáid as dramhaíl talmhaíochta / bia maidir le bithfhuinneamh a ghineadh. Díriodh aird leis an tionscadal Bio-Éire freisin ar ábhar buartha de chineálacha éagsúla maidir leis an mbitheacnamaíocht arbh fhiú iad a thabhairt faoi mheas, eadhon, ceisteanna maidir le comhleanúnachas polasaithe, scála leordhóthanach, iomaíocht go hidirnáisiúnta, ceisteanna féidearthachta maidir le cúrsaí eacnamaíochta/teicneolaíochta, margadh a bheith ar fáil, glacadh ag tomhaltóirí leis na táirgí, bacanna faoin reachtaíocht/rialacháin, inmharthanacht na timpeallachta, agus a mhéid a bhí slabhraí iontaofa soláthair, deighilt agus dealú i gcúrsaí tionsclaíochta agus iomaíocht le táirgeadh bia i gceist.

Ar na cora suntasacha eile san fhorbairt atá déanta, tá [Fondúireacht Bhitheacnamaíochta Éireann](#) a chur ar bun mar eagraíocht ina dtugtar geallsealbhóirí le chéile d'fhonn Mol Náisiúnta Bitheacnamaíochta a chur ar bun sa Lisín, Co. Thiobraid Árann, mar a raibh mianach a bhí imithe ó shaothrú faoin tráth seo. Tá an chéad mhonarcha bithscaglainne ar scála píolótach curtha ar bun i gContae Mhuineacháin ag BioMarine Ingredients. Chomh maith leis sin, tá [Páirc Nuálaíochta Mara, Páirc na Mara](#), curtha ar bun i gConamara chun

brostú le forás inmharthana ar eacnamaíocht na mara go háitiúil, ar fud an réigiúin, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Comharthaí cora nua den sórt seo ar an mbeocht atá tagtha sa bhitheacnamaíocht le blianta beaga anuas. Is léir, ina ainneoin sin, go bhféadfaí cur leis an infreastruchtúr sin dá mbrostófaí le haistriú eolais agus comhairle, le comhobair tras-earnála, le luathbhostú nuálaíochta, le gearáil ar infheistíocht níos mó agus ar chistí fiontair, le borradh a chur faoi mhargaí tábhachtacha, le treisiú le bearta cúnta maidir le forbairt an mhargaidh agus le dlús a chur leis an gcaidreamh sa chaoi is go mbíonn comhleanúnachas i réim ar fud na n-earnálacha ar fad a bhaineann le hábhar. Ar sin a dhéanamh, tá deis ann leas a bhaint as cistíocht a chuirtear ar fáil tríd an gCoimisiún Eorpach agus sin a chur in éineacht le hacmhainní ón earnáil phríobháideach. Ní leor cistí astu féin chun an bhitheacnamaíocht a bhrostú chun cinn. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an ábhar dúshláin is tábhachtaí maidir leis an gcaipiteal nádúrtha a chaomhnú, an réimse cuí rialúcháin a thabhairt i bhfeidhm agus éileamh a spreagadh ar an margadh.

4.2 Príomhghníomhartha

Tá de bhonn tuisceana ag gabháil leis an Ráiteas seo gur léir cúis eacnamaíochta agus timpeallachta leis an mbitheacnamaíocht. Is é a bhaineann leis an gcéad chéim eile féachaint le hinmharthanacht na bitheacnamaíochta ar bhonn tráchtála a leathnú agus a neartú. Tá socraithe ag an Rialtas ina leith sin, Grúpa Forfheidhmiúcháin ardleibhéil a chur ar bun, faoi chathaoirleacht ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i gcomhar. Is é príomhchúram a leagfar ar an nGrúpa moltaí a chur i láthair maidir le breis forbartha ar an mbitheacnamaíocht agus le comhleanúnachas polasaithe a thabhairt i bhfeidhm ar fud na n-earnálacha ar fad a bhaineann le hábhar agus sin i bhfianaise na dtrí cholún a dtagraítear dóibh thuas agus an t-ábhar dúshláin a ghabhann leo.

Rinneadh bearta príomhthábhachta i ndáil le rath a theacht san am atá romhainn ar an mbitheacnamaíocht in Éirinn a shonrú bunaithe ar chomhairliúchán agus ar anailís fhorleathan. Seo iad a leanas:

Comhleanúnachas a chinntiú maidir leis na straitéisí earnála ar fad a bhaineann le cúrsaí bitheacnamaíochta in Éirinn.

Córas craobhchaidrimh a chur ar bun lena mbainfidh ionadaithe thar ceann chomhlachtaí tráchtála a oibríonn le cúrsaí bitheacnamaíochta agus chomhlachtaí poiblí d'fhonn lón eolais a chur ar fáil i ndáil le forbairt na bitheacnamaíochta - d'fhéadfadh go gcuirfí moltaí chun cinn a ndéanfaí beart dá réir; (D'fhéadfadh eolas faoin sárchleachtas maidir le hiarratais ar chistí BBIJU, SC-2 agus H2020 a mhalartú a bheith san áireamh freisin).

Aistriú ó shaothar taighde go dtí feidhmiú sa saol dáiríre a spreagadh trí chomharobair a spreagadh idir forais taighde (forais léinn) agus lucht tionsclaíochta - trí thograí píolótacha/léiriúcháin ag na háiseanna léiriúcháin (an Lisín, an Cloigín Taighde Mara i gConamara).

An sainmhíniú ar dhramhaíl faoin reachtaíocht reatha a mheas agus tuairim a thabhairt an gá athshonrú a dhéanamh ionas gur féidir bainistíocht den rath a thabhairt ar shruthanna dramhaíola iarmhairte le húsáid i gcúrsaí bitheacnamaíochta.

Comhleanúnachas níos mó idir earnálacha bitheacnamaíochta a chinntiú trí phrótacáil a thabhairt chun cinn i ndáil le measúnacht agus bainistíocht ar chúrsaí baoil maidir leis an úsáid as fotháirgí agus sin a leagan amach ar bhealach a spreagann tástáil píolótach ar dheiseanna ionchais.

Na príomhbhearta maidir le slabhraí luacha a sonraíodh le tionscadal Bio-Éire a thabhairt chun cinn trí na tosca a shonrú a bheadh riachtanach ionas go mbeadh inmharthanacht ar bhonn tráchtála i gceist leo agus modhanna a shonrú ina bhféadfaí sin a thabhairt i gcrích.

Na bealaí ina bhféadfaí tuiscint níos fearr ar an mbitheacnamaíocht agus ar tháirgí na bitheacnamaíochta a chothú i measc bhuntáirgeoirí, i measc an phobail agus i measc tomhaltóirí - aistriú eolais, comhairle, múnlaí inmharthanacha gnó, soláthar poiblí, feachtais eolais don tomhaltóir agus tionscnaimh maidir le lipéid ar tháirgí etc.

Déanfaidh an Grúpa Forfheidhmiúcháin na ceisteanna sin a scrúdú agus na modhanna ina dtabharfar aghaidh orthu a shocrú. Tabharfaidh an Grúpa tuairisc don Rialtas faoi dheireadh na bliana 2018 tríd an gCoiste Comhaireachta a phléann le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta, fostaíochta agus le forbairt tuaithe.

Le linn na bearta seo a chur i gcrích, bunóidh an grúpa fóram agus córas craobhchaidrimh chun cumarsáid a choinneáil ar siúl leis na heagraíochtaí tionsclaíochta tábhachtacha maidir le cúrsaí bitheacnamaíochta. Tá buntábhacht le dearcadh lucht tionsclaíochta ó tharla nach dtiocfaidh an bhitheacnamaíocht chun tosaigh go hiomlán ar bhonn tráchtála gan páirt ghníomhach ag an earnáil phríobháideach ann i mbun infheistíochta agus i mbun tástála agus forbartha ar phróisis agus ar tháirgí nua bithbhunaithe. Beidh gá freisin dlúthchaidreamh a choinneáil ar bun le geallsealbhóirí tábhachtacha eile maidir le cúrsaí bitheacnamaíochta, mar shampla comhlachtaí stáit agus grúpaí pobail.

4.3 Conclúid

Tagann an fhorbairt ar an mbitheacnamaíocht le haidhm na hÉireann athrú go dtí córas eacnamaíochta atá éadrom ó thaobh carbóin. Tá i ndán go ndéanfaidh fabhar a bheith le hacmhainní bitheolaíochta inathnuaite a úsáid seachas breosla atá bunaithe ar ábhar iontais, mar gheall ar bhorradh faoin mbitheacnamaíocht, an tráth céanna a gcoinnítear aird ar ábhar buartha maidir le cúrsaí inmharthanachta, maitheas maidir le spriocanna na hÉireann i ndáil leis an athrú aeráide a shásamh. Ó tharla go bhfuil i ndán freisin go dtiocfaidh borradh faoi ghnóthais agus faoi fhostaíocht faoin tuath mar gheall ar an mbitheacnamaíocht, tá tairbhe léi mar bhealach chun bearta ar mhaithe leis an timpeallacht a bhuanú. Cuirtear chun cinn leis an Ráiteas seo gur chóir an bhéim maidir le bearta san am atá romhainn a bheith bunaithe ar an dóigh go n-éireodh leis an mbitheacnamaíocht ar bhonn tráchtála in Éirinn a neartú.

Ó tharla gur i dtús tionscanta atá an bhitheacnamaíocht in Éirinn, níl earnálacha faoi leith ná spriocanna sonracha ba chóir a thabhairt chun cinn á lua sa Ráiteas Beartais Náisiúnta, óir bheadh sin róluath go fóill. Ina ionad sin, díróidh sa Ráiteas ar phríomhcholuín mhórhábhachta na bitheacnamaíochta a fhorbairt agus ar a chinntiú go mbíonn aird

leanúnach an Rialtais orthu sin agus Éire ag díriú isteach ar an gcuspóir maidir le córas eacnamaíochta saor ó charbón faoin mbliain 2050.

CUID 3 - FOSCRÍBHINNÍ

5. Léarscáil den Phróiseas Bithgheilleagair

1.

• Sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist (2016/2017)* agus sa *Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (2017)* éilíodh scrúdú a dhéanamh ar an scóip, ar indéantacht agus na coinníollacha a theastaíonn chun an bithgheilleagar a fhorbairt agus ráiteas beartais ardleibhéil ar an mbithgheilleagar a fhoilsiú **(2016/2017)**.

2.

• Bunaíodh Grúpa Idir-Rannach ar an mBithgheilleagar. **(Samhain 2016)**

3.

• Tugadh faoi chleachtadh scóipe i gcomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí tuairiscithe chun teacht ar bhunlíne beartas, clár nó bearta reatha nó ionchais a bhaineann leis an mbithgheilleagar. **(Samhain 2016-Eanáir 2017)**

4.

• Reáchtáil Roinn an Taoisigh agus Teagasc ceardlann i gcomhar chun príomhgheallsealbhóirí a thabhairt le chéile d'fhonn plé ar ardleibhéal a éascú a d'fhonn forbairt ar ráiteas beartais náisiúnta a chur ar an eolas. **(Feabhra 2017)**

5.

• Ullmhaíodh plécháipéis ar an mbithgheilleagar agus foilsíodh í do chomhchomhairleoireacht phoiblí. **(Iúil 2017)**

6.

• Rinneadh anailís ar na haighneachtaí i leith na plécháipéise agus baineadh leas astu chun ráiteas ar an mbeartas náisiúnta a ullmhú. **(Meán Fómhair 2017 - Samhain 2017)**

7.

• Cheadaigh an Rialtas an ráiteas beartais náisiúnta. **(Nollaig 2017)**

8.

• Foilsíodh an ráiteas beartais náisiúnta **(Feabhra 2018)**

6. Idir-Rannach - Liosta Ballraíochta

- Roinn an Taoisigh (Chathaoirleacht)

- Talmhaíochta, Bia agus Mara

- Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

- Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

- Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

- Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

- Roinn Oideachais agus Scileanna

- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Comhlachtaí Eochair Eile

- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

- Teagasc

- Science Foundation Ireland

- Udaras Na Gaeltachta

- Enterprise Ireland

- Foras na Mara

- EPA

- Bord Bia